BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

11 Meán Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas – Airteagail 2, 5 agus 7 – Airteagail 21, 24 agus 26 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Treoir 2000/78/CE – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Airteagal 1 – Airteagal 2(1) agus (2)(b) – Toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn míchumais – Idirdhealú indíreach – Difríocht cóireála d'fhostaí nach bhfuil faoi mhíchumas ach a thugann aire dá leanbh atá faoi mhíchumas – Airteagal 5 – Oibleagáid an fhostóra cóiríocht réasúnta a dhéanamh)

I gCás C-38/24 [Bervidi], [i]

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil), trí bhreith an 17 Eanáir 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 19 Eanáir 2024, sna himeachtaí

G.L.

v

AB SpA,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán an Dlísheomra, T. von Danwitz (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, A. Kumin, I. Ziemele agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– G.L., ag F. Andretta agus M. Parpaglioni, avvocati,

– AB SpA, ag D. La Rosa, avvocata,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó L. Fiandaca, avvocato dello Stato,

– Rialtas na Gréige, ag V. Baroutas agus M. Tassopoulou, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag D. Recchia agus E. Schmidt, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 13 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16), arna léamh i bhfianaise Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 13 Nollaig 2006 agus a formheasadh thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 (IO 2010 L 23, lch. 35; 'Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir G.L. agus AB SpA maidir le diúltú na cuideachta sin cóiríocht a dheonú do G.L. dá dálaí oibre chun a chur ar a cumas aire a thabhairt dá mac atá faoi mhíchumas.

An dlí lena mbaineann

An dlí idirnáisiúnta

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithris (x) den bhrollach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe:

'á chur in iúl go bhfuil sí suite de gurb é an teaghlach an grúpa nádúrtha agus bunúsach den tsochaí agus go bhfuil sé i dteideal cosaint ón tsochaí agus ón Stát, agus gur cheart go bhfaigheadh daoine faoi mhíchumas agus a mbaill teaghlaigh an chosaint agus an cúnamh is gá chun a chur ar chumas teaghlach rannchuidiú le tairbhiú iomlán agus comhionann cearta daoine faoi mhíchumas'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 De réir Airteagal 1 den Choinbhinsiúin sin, dar teideal 'Ábhar':

'Is é is cuspóir don Choinbhinsiún seo tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn.

Ar dhaoine atá faoi mhíchumas, áirítear daoine a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán éifeachtach a bheith acu sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear sa tríú mír agus sa cheathrú mír d'Airteagal 2 den Choinbhinsiún sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Choinbhinsiúin seo:

[...]

ciallaíonn "idirdhealú ar bhonn míchumais" aon idirdhealú, eisiamh nó srian ar bhonn míchumais arb é is cuspóir nó is éifeacht dó lagú nó neamhniú a dhéanamh ar chearta uile an duine agus ar shaoirsí bunúsacha a aithint, a theachtadh nó a fheidhmiú, ar bhonn comhionann le daoine eile, sa réimse polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, sibhialta nó in aon réimse eile. Áirítear leis gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear cóiríocht réasúnta a dhiúltú;

Ciallaíonn "cóiríocht réasúnta" modhnú agus coigeartuithe is gá agus is iomchuí nach bhforchuireann ualach díréireach ná míchuí, i gcás inar gá i gcás ar leith, chun a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas go bhfuil siad ag tairbhiú do chearta uile an duine agus do na saoirsí bunúsacha uile nó go bhfuil na cearta sin agus na saoirsí sin á bhfeidhmiú ar bhonn comhionann le daoine eile' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 5 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, dar teideal 'Comhionannas agus neamh-idirdhealú':

'1. Aithníonn na Stáit is Páirtithe go bhfuil gach duine comhionann roimh an dlí agus faoin dlí agus go bhfuil siad i dteideal, gan aon idirdhealú, cosaint chomhionann agus sochar comhionann an dlí a fháil.

2. Cuirfidh na Stáit is Páirtithe toirmeasc ar gach idirdhealú ar bhonn míchumais agus ráthóidh siad cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach ar idirdhealú ar gach foras do dhaoine faoi mhíchumas.

3. Chun comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a dhíothú, déanfaidh na Stáit is Páirtithe gach beart iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil.

4. Bearta sonracha is gá chun comhionannas *de facto* daoine faoi mhíchumas a luathú nó a bhaint amach, ní mheasfar gur idirdhealú iad faoi théarmaí an Choinbhinsiúin seo.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún sin dar teideal 'Leanaí atá faoi mhíchumas':

'1. Déanfaidh na Stáit is Páirtithe gach beart is gá chun a áirithiú go mbeidh leanaí atá faoi mhíchumas in ann leas iomlán a bhaint as cearta uile an duine agus as saoirsí bunúsacha ar bhonn cothrom le leanaí eile.

2. I ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí atá faoi mhíchumas, tabharfar tús áite do leas an linbh.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 34(1) den Choinbhinsiún sin go bhfuil Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas le bunú.

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2000/43/CE

9 Foráiltear le hAirteagal 1 de Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO 2000 L 180, lch. 22):

‘Is é is cuspóir don Treoir seo creat ginearálta a bhunú chun idirdhealú atá bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a chomhrac, d’fhonn prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm sna Ballstáit.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 2(1) agus (2) den Treoir sin:

‘1. Chun críocha na Treorach seo, ciallóidh “prionsabal na córa comhionainne” nach ndéanfar aon idirdhealú díreach ná indíreach atá bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.

2. Chun críocha mhír 1:

(a) measfar go dtarlaíonn idirdhealú más rud é, go ndéileáiltear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear, mar a déileáladh nó mar a dhéileálfaí le duine ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh.

(b) measfar go dtarlaíonn idirdhealú indíreach i gcás ina gcuirfeadh foráil, critéar nó cleachtas a dhealraíonn a bheith neodrach daoine de bhunadh ciníoch nó eitneach faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin de bharr aidhm dhlisteanach agus go bhfuil na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach.’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2000/78

11 Leagtar an méid seo a leanas amach in Aithrisí 6, 12, 20, 21 agus 37 de Threoir 2000/78:

‘(6) Aithnítear i gCairt an Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe [a glacadh ag an gcruinniú den Chomhairle Eorpach a tionóladh in Strasbourg an 9 Nollaig 1989] a thábhachtaí atá sé gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, lena n-áirítear an gá atá le gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh ar mhaithe le lánpháirtiú sóisialta agus eacnamaíoch daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas.

[...]

(12) Chuige sin, ba cheart toirmeasc a chur ar fud an Chomhphobail [Eorpaigh] ar aon idirdhealú díreach nó indíreach atá bunaithe ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach maidir leis na réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo [...]

[...]

(20) Ba cheart bearta iomchuí a chur ar fáil, i.e. bearta éifeachtacha agus praiticiúla chun an áit oibre a chur in oiriúint don mhíchumas, mar shampla áitribh agus trealamh a oiriúnú, patrúin ama oibre, dáileadh cúraimí nó soláthar acmhainní oiliúna nó lánpháirtíochta.

(21) Chun a chinneadh an bhfuil ualach díréireach ag baint leis na bearta atá i gceist, ba cheart aird a thabhairt go háirithe ar na costais airgeadais agus ar na costais eile a bhaineann leo, ar scála agus acmhainní airgeadais na heagraíochta nó an ghnóthais agus ar an bhféidearthacht cistiú poiblí nó aon chúnamh eile a fháil.

[...]

(37) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de Chonradh CE, ní féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon cothrom iomaíochta a chruthú laistigh den Chomhphobal maidir le comhionannas san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, a bhaint amach go leordhóthanach agus dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus thionchar na gníomhaíochta, is fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail. [...]' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Faoi Airteagal 1 den Treoir sin, is é is cuspóir don Treoir sin 'creat ginearálta a leagan síos chun idirdhealú ar fhorais reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta a mhéid a bhaineann le fostaíocht agus slí bheatha a chomhrac, d'fhonn prionsabal na córa comhionainne a chur i bhfeidhm sna Ballstáit'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear le hAirteagal 2(1) agus (2) den Treoir sin, dar teideal 'Coincheap an idirdhealaithe':

'1. Chun críocha na Treorach seo, ciallóidh "prionsabal na córa comhionainne" nach ndéanfar aon idirdhealú díreach ná indíreach bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Chun críocha mhír 1:

(a) measfar go dtarlaíonn idirdhealú díreach i gcás ina gcaitear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a chaitear, a caitheadh nó mar a chaithfí le duine eile, i gcás inchomparáide, ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1;

(b) measfar go dtarlaíonn idirdhealú indíreach nuair is dócha go gcuirfidh foráil, critéar nó cleachtas atá neodrach de réir dealraimh daoine de reiligiún nó creidimh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh ar leith faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile, ach amháin:
(i) má tá, leis an bhforáil seo, bonn cirt oibiachtúil leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin trí aidhm dhlisteanach agus má tá na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach iomchuí agus riachtanach, nó
(ii) maidir le daoine atá faoi mhíchumas ar leith, tá sé d'oibleagáid ar an bhfostóir nó ar aon duine nó eagraíocht a bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir leo, faoin reachtaíocht náisiúnta, bearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail atá in Airteagal 5 chun deireadh a chur le míbhuntáistí a bhaineann leis an bhforáil, leis an gcritéar nó leis an gcleachtas sin.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le mír 1(a) agus (c) d'Airteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Raon feidhme':

'Laistigh de theorainneacha na n-inniúlachtaí arna dtabhairt don Chomhphobal, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gach duine, maidir leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) coinníollacha maidir le rochtain ar fhostaíocht [...]

[...]

(c) coinníollacha fostaíochta agus oibre [...]' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 5 de Threoir 2000/78, dar teideal 'Cóiríocht réasúnta do dhaoine atá faoi mhíchumas':

'Chun a ráthú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne i ndáil le daoine faoi mhíchumas, cuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil. Ciallaíonn sin go ndéanfaidh fostóirí bearta cuí, más gá i gcás ar leith, le cur ar chumas duine faoi mhíchumas rochtain a bheith acu ar fhostaíocht, páirt a ghlacadh inti nó dul ar aghaidh i bhfostaíocht, nó dul faoi oiliúint, mura gcuirfeadh na bearta sin ualach díréireach ar an bhfostóir. Ní bheidh an t-ualach sin díréireach nuair a bheidh sé réitithe go leordhóthanach trí bhearta atá ann cheana faoi chuimsiú bheartas míchumais an Bhallstáit lena mbaineann.' [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

16 Foráiltear le hAirteagal 2(1) den decreto legislativo n. 216 – Attuazione della direttiva 2000/78/CE per la parità di trattamento in materia di occupazione e di condizioni di lavoro (Foraithne Reachtach Uimh. 216 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2000/78/CE le haghaidh cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha) an 9 Iúil 2003 (GURI Uimh. 187 an 13 Lúnasa 2003), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'Chun críocha na Foraithne seo [...], ciallaíonn "prionsabal na córa comhionainne" nach mbeidh aon idirdhealú díreach ná indíreach ann ar fhorais reiligiúin, chreidimh, mhíchumais, aoise nó ghnéaschlaonta. Ciallaíonn an prionsabal sin go dtoirmiscfear idirdhealú díreach nó indíreach, mar atá sainmhínithe thíos:

(a) measfar go dtarlaíonn idirdhealú díreach i gcás ina gcaitear le duine amháin le níos lú fabhair ná mar a chaitear, nó mar a chaithfí le duine eile i gcás inchomparáide, ar bhonn reiligiúin, creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta;

(b) measfar go dtarlaíonn idirdhealú indíreach i gcás ina gcuirfeadh foráil, critéar, cleachtas, gníomh, comhaontú nó iompar a dhealraíonn a bheith neodrach daoine a bhfuil reiligiún nó creideamh ar leith acu, daoine faoi mhíchumas nó daoine d'aois nó gnéaschlaonadh áirithe faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le daoine eile. '

17 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 3(3a) den fhoraithne reachtach sin:

'Chun a ráthú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne do dhaoine faoi mhíchumas, ceanglaítear ar fhostóirí poiblí agus príobháideacha cóiríocht réasúnta a dhéanamh, mar a shainmhínítear le [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe], arna dhaingniú faoi Dhlí Uimh. 18 an

3 Márta 2009, san ionad oibre chun a áirithiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas go hiomlán comhionann le hoibrithe eile. Ní mór d'fhostóirí poiblí foráil a dhéanamh maidir leis an bhfomhír seo a chur chun feidhme gan ualaí ar airgeadas poiblí a thabhairt isteach nó a mhéadú, trí úsáid a bhaint as na hacmhainní daonna, airgeadais agus oibríochtúla atá ar fáil faoin reachtaíocht reatha.'

18 Foráiltear le hAirteagal 25(2a) decreto legislativo n. 198 – Codice delle pari opportunità tra uomo e donna, a norma dell'articolo 6 della legge 28 novembre 2005, n. 246 (Foraithne Reachtach Uimh. 198 maidir leis an gcód maidir le comhionannas deiseanna do mhná agus d'fhir, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Dhlí an 28 Samhain 2005, Uimh. 246) an 11 Aibreán 2006 (GURI Uimh. 125 an 31 Bealtaine 2006, gnáthfhorlíonadh Uimh. 133), a tháinig i bhfeidhm tar éis fhíorais na díospóide sna príomhimeachtaí:

'Ciallaíonn idirdhealú de réir bhrí an Teidil seo aon chóir nó athrú ar eagrú dálaí oibre nó ama oibre, mar gheall ar inscne, aois, riachtanais cúraim phearsanta nó teaghlaigh, toircheas, máithreachas nó atharthacht, lena n-áirítear máithreachas nó atharthacht uchtaíoch, nó ar fhorais teidlíochta chun cearta gaolmhara nó feidhmiú ceart gaolmhar, áiteanna nó a fhéadfaidh an t-oibrí a chur i gceann amháin ar a laghad de na cásanna seo a leanas: a) faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na hoibrithe eile go léir; b) i gcás a chuireann srian ar dheiseanna rannpháirtíochta i saol agus ar chinnteoireacht an ghnóthais; c) i gcás a chuireann teorainn le rochtain ar shásraí ardaithe céime agus forchéimnithe gairme.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

19 D'oibrigh G.L. mar 'oibreoir stáisiúin traenach' don chuideachta AB, cuideachta atá bunaithe san Iodáil. Sa ról sin, bhí sí freagrach as faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar stáisiún traenach faoi thalamh.

20 D'iarr G.L. arís agus arís eile ar AB í a cheapadh go buan chuig post ina bhfuil uaireanta oibre socraithe, lena n-éilítear, de réir mar a bheidh, leibhéal cáilíochta níos ísle, chun a chur ar a cumas aire a thabhairt dá leanbh mionaoiseach ag a bhfuil riachtanais chuimsitheacha a eascraíonn as míchumas, a chónaíonn léi agus nach mór di clár cúraim a leanúint ag am socraithe san iarnóin.

21 Níor dheonaigh AB a iarrataí ach, áfach, chuir sé cóiríocht áirithe ar fáil do GL i ndáil lena dálaí oibre ar bhonn sealadach, arbh é a bhí i gceist leis ionad oibre seasta agus tráthchlár fabhrach a shannadh di i gcomparáid le hoibreoirí stáisiúin traenach eile, atá faoi réir sealanna oibre malartacha agus sealanna oibre ina ndéanann an fhoireann sealaíocht ar a chéile.

22 An 5 Márta 2019, thug G.L. caingean os comhair Tribunale di Roma (an Chúirt Dúiche, an Róimh, an Iodáil) i gcoinne AB ag lorg dearbhú go raibh diúltú a fostóra dá hiarraidh ar chóiríocht i ndáil lena dálaí oibre ar bhonn buan idirdhealaitheach.

23 Ina caingean, d'iarr G.L. go n-ordófaí don chuideachta sin í a shannadh go buan d'aistriú maidine le huaireanta oibre socraithe (8:30 go 15:00) agus plean a ghlacadh chun deireadh a chur leis an idirdhealú a raibh sí faoina réir agus chun a cúiteamh a íoc as an dochar a d'fhulaing sí.

24 Dhíbh Tribunale di Roma (an Chúirt Dúiche, an Róimh) caingean G.L., agus rinne G.L. achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Corte d'appello di Roma (an Chúirt Achomhairc, an Róimh, an Iodáil). Dhíbh an chúirt dheireanach sin an chaingean freisin ar na

tuillteanais, agus chinn sí nár suíodh an t-iompar idirdhealaitheach líomhnaithe agus gur chuir AB, in aon chás, 'cóiríocht réasúnta' ar fáil chun na srianta ar G.L. a chur san áireamh, cé go raibh na bearta sin sealadach.

25 Rinne G.L. achomharc ar phointe dlí os comhair an Corte supreme di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

26 I mí Dheireadh Fómhair 2022, bhris AB G.L. as a post.

27 Measann an chúirt a rinne an tarchur go n-ardaíonn an cás sna príomhimeachtaí an cheist an bhfuil fostaí a thugann aire dá leanbh mionaoiseach atá faoi mhíchumas i dteideal cás a thabhairt ar chosaint ar idirdhealú indíreach ar fhorais mhíchumais, as a dtagann duine a bhfuil sochar míchumais aige, i bhfianaise na bprionsabal a eascraíonn as breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman*, (C-303/06, EU:C:2008:415).

28 Tugann an Corte supreme di cassazione dá haire, sa bhreithiúnas sin, gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann raon feidhme *ratione personae* na cosanta ar idirdhealú díreach ar fhorais mhíchumais, dá bhforáiltear leis an Treoir sin, le fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas ach a thugann aire do leanbh atá faoi mhíchumas, arb é an fostaí sin príomhsholáthraí an chúraim atá riachtanach de bhua riocht sláinte an linbh.

29 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur nach mór G.L. a mheas mar 'chúramóir teaghlaigh' de réir bhrí an dlí náisiúnta, agus go bhféadfadh sí, ar an mbonn sin, tairbhe a bhaint as buntáistí cánach agus sóisialta dá bhforáiltear le dlí na hIodáile, amhail an ceart chun an t-ionad oibre is gaire dá baile a roghnú, a mhéid is féidir. Mar sin féin, níor tugadh cosaint ar idirdhealú san ionad oibre mar gheall ar an gcúnamh nach mór do chúramóir den sórt sin a thabhairt dá leanbh atá faoi mhíchumas le haon fhoráil de dhlí na hIodáile tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí.

30 Míníonn an chúirt a rinne an tarchur gur ar an gcúis sin a dhiúltaigh an chúirt ag an gcéad chéim do chaingean G.L., agus í den tuairim nach raibh sí i dteideal caingean a thionscnamh chun agóid a dhéanamh in aghaidh idirdhealú a líomhnaítear a bhí roimpi. Chinn an chúirt a bhfuil an t-achomharc os a comhair, ar bhonn na bprionsabal a eascraíonn as breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman* (C-303/06, EU:C:2008:415), go raibh cúramóir teaghlaigh, amhail G.L., i dteideal brath ar na forálacha náisiúnta lena gcosnaítear daoine faoi mhíchumas ar idirdhealú ag an obair.

31 Mar sin féin, measann an chúirt a rinne an tarchur nach léir ón mbreithiúnas sin go bhféadfar na prionsabail a eascraíonn as a chur i bhfeidhm maidir le cás ina ndéantar idirdhealú indíreach maidir le fostaí a mheastar a bheith ina 'chúramóir teaghlaigh' de réir bhrí an dlí náisiúnta.

32 Sna himthosca seo, chinn Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gá dlí an Aontais a léiriú, ar bhonn [Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe] sa chaoi go bhfuil dlisteanacht ann do chúramóir teaghlaigh linbh atá faoi mhíchumas trom, a mhaíonn gur fhulaing sé idirdhealú indíreach i réimse na hoibre mar thoradh ar an gcúram a chuireann sé ar fáil, caingean a thabhairt maidir leis an gcosaint in aghaidh an idirdhealaithe a thabharfaí don duine céanna faoi mhíchumas, dá mba é an duine sin an t-oibrí, faoi [Treoir 2000/78]?

(2) Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gá dlí an Aontais a léiriú, ar bhonn [Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe], sa chaoi go bhfuil oibleagáid ar an bhfostóir cúramóra dá dtagraítear thuas cóiríocht réasúnta a ghlacadh chun a áirithiú, i bhfabhar an chúramóra sin freisin, go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne maidir le hoibrithe eile, ar aon dul le hAirteagal 5 de [Threoir 2000/78] maidir le daoine faoi mhíchumas?

(3) Má thugtar freagra dearfach ar [an gcéad cheist agus/nó ar an dara ceist], an gá dlí an Aontais a léiriú, ar bhonn Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas freisin, sa chaoi a chiallaíonn gurb é an cúramóir sin a bhaineann le cur i bhfeidhm [Threoir 2000/78] aon duine is ball den teaghlach nó comhpháirtí comhchónaitheach *de facto* a ghlacann cúram baile, fiú go neamhfhoirmiúil, saor in aisce atá suntasach ó thaobh cainníochta, eisiach, leanúnach agus fadtéarmach de dhuine nach bhfuil, de bharr a mhíchumais thromchúisigh nó a míchumais thromchúisigh, neamhthuilleamaíoch ar chor ar bith chun an saol laethúil a chur i gcrích nó ar cheart dlí an Aontais a léiriú sa chaoi go bhfuil an sainmhíniú ar chúramóir atá i gceist níos leithne nó níos cúinge ná an sainmhíniú a leagtar amach thuas?'

An iarraidh chun an chuid ó bhéal den nós imeachta a atosú

33 Trí dhoiciméad a taisceadh an 30 Márta 2025, d'iarr G.L. go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta faoi Airteagal 83 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

34 Áitíonn G.L. nach mór scrúdú a dhéanamh ar dhá cheist sa bhreis orthu siúd a d'ardaigh an chúirt a rinne an tarchur, a chuir sí in iúl ina barúlacha i scríbhinn, ar an bhforas nach ndearnadh measúnú ar na ceisteanna sin i dTuairim an Abhcóide Ghinearálta.

35 I ndáil leis sin, is cásdlí socair é go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, uaithi féin, nó ar thogra ón Abhcóide Ginearálta, nó arna iarraidh sin do cheann de na páirtithe, a ordú go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 83 dá Rialacha Nós Imeachta, má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe (breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2011, *Accor*, C-310/09, EU:C:2011:581, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Mar sin féin, de réir cásdlí socair, ní gá scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a chuireann na páirtithe sna príomhimeachtaí faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais seachas iad siúd a bhí ina n-ábhar d'ordú tarchuir na cúirte náisiúnta (breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2015, *A2A*, C-89/14, EU:C:2015:537, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Dá bhrí sin, ós rud é nár chuir an chúirt a rinne an tarchur an dá cheist dá dtagraítear ag G.L. ar an gCúirt Bhreithiúnais ina hiarraidh go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, ní hionann na hargóintí a leagtar amach san iarraidh sin maidir leis an ngá atá leis an dá cheist sin a scrúdú agus forais chun an chuid ó bhéal sin a atosú faoi Airteagal 83 de na Rialacha Nós Imeachta.

38 Sna himthosca sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go bhfuil an fhaisnéis go léir aici chun na ceisteanna a tharchuir an chúirt náisiúnta a fhreagairt agus go ndearnadh na hargóintí uile is gá chun an cás atá i gceist a chinneadh a phlé idir na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

39 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don iarraidh ar an gcuid ó bhéal den nós imeachta a atosú.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

40 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá léiriú a dhéanamh ar Threoir 2000/78 agus, go háirithe, ar Airteagal 1 agus ar Airteagal 2(1) agus (2)(b) di, arna léamh i bhfianaise Airteagail 21, 24 agus 26 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus Airteagail 2, 5 agus 7 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, sa chaoi go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar idirdhealú indíreach ar fhorais mhíchumais maidir le fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas iad féin ach atá faoi réir idirdhealú den sórt sin mar gheall ar an gcúnamh a thugann an duine sin dá leanbh atá faoi mhíchumas, a chuireann ar chumas an linbh sin an cúram is gá a fháil de bhua a riochta sláinte.

41 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ó theideal agus ó bhrollach Threoir 2000/78, agus óna hábhar agus óna cuspóir, go bhfuil sé beartaithe creat ginearálta a bhunú chun a áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe as cóir chomhionann 'i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha' [Aistriúchán neamhoifigiúil] trí chosaint éifeachtach a thabhairt ar idirdhealú bunaithe ar aon cheann de na forais a liostaítear in Airteagal 1 di, lena n-áirítear míchumas (breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za zashtita ot diskriminatsia*, C-824/19, EU:C:2021:862, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 I gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a) agus (c) de Threoir 2000/78, tá feidhm ag an Treoir sin, laistigh de theorainneacha na réimsí inniúlachta a thugtar don Aontas, maidir le gach duine, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, lena náirítear comhlachtaí poiblí, maidir le, *inter alia*, coinníollacha rochtana ar fhostaíocht agus ar dhálaí fostaíochta agus oibre (breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za zashtita ot diskriminatsia*, C-824/19, EU:C:2021:862, mír 36).

43 Is léir ón ordú tarchuir go n-eascraíonn an t-idirdhealú indíreach a líomhnaíonn G.L. as mainneachtain a dálaí oibre a oiriúnú, is é sin, go bunúsach, a huaireanta oibre, a thagann faoi na coinníollacha fostaíochta agus oibre dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(c) de Threoir 2000/78.

44 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí teacht faoi raon feidhme na Treorach sin.

45 Chun an chéad cheist a fhreagairt, ba cheart a mheabhrú gur léiriú sonrach í Treoir 2000/78, laistigh den réimse a chumhdaítear léi, ar phrionsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos in Airteagal 21 den Chairt, lena dtoirmisctear aon idirdhealú ar fhorais mhíchumais go háirithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2021, *Komisia za zashtita ot diskriminatsia*, C-824/19, EU:C:2021:862, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear). Maidir leis na himthosca atá i gceist sna príomhimeachtaí, is gá freisin, i gcomhthéacs an scrúdaithe ar an gcéad cheist sin, cearta an linbh agus na ndaoine atá faoi mhíchumas a chumhdaítear in Airteagail 24 agus 26 faoi seach den Chairt a chur san áireamh.

46 Thairis sin, d'fhormheas an tAontas Eorpach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, a bhfuil a fhorálacha, dá bhrí sin, ina gcuid dhílis de dhlíchóras an Aontais ó theacht i bhfeidhm an choinbhinsiúin sin. Dá bhrí sin, féadfar brath ar na forálacha sin, amhail forálacha na Cairte,

chun forálacha Threoir 2000/78 a léiriú agus nach mór an Treoir sin a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcoinbhinsiún sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Aibreán 2013, *HK Danmark*, C-335/11 agus C-337/11, EU:C:2013:222, míreanna 30 go 32, agus an 18 Eanáir 2024, *Ca Na Negreta*, C-631/22, EU:C:2024:53, mír 41).

47 Mar is léir ó mhíreanna 27 go 31 den bhreithiúnas seo, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach, go bunúsach, an bhfuil feidhm ag Treoir 2000/78, arna léamh i bhfianaise Airteagail 21, 24 agus 26 den Chairt agus Airteagail 2 agus 5 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, maidir le hidirdhealú indíreach 'trí bhainteacht' ar fhorais mhíchumais, maidir le fostaí a thugann aire dá leanbh atá faoi mhíchumas.

48 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, gur chinn an Chúirt roimhe seo go bhfuil toirmeasc ar idirdhealú díreach 'trí bhainteacht' ar fhorais mhíchumais le Treoir 2000/78. Níl an toirmeasc ar idirdhealú díreach ar fhorais mhíchumais a leagtar síos in Airteagal 1 agus in Airteagal 2(1) agus (2)(a) de Threoir 2000/78 teoranta do dhaoine atá faoi mhíchumas amháin. I gcás ina gcaitheann fostóir le fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas iad féin ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an gcóir a chuirtear ar fhostaí eile i gcás inchomparáide, agus ina gcruthaítear go bhfuil an chóir is lú fabhar don fhostaí sin bunaithe ar mhíchumas a linbh, arb é nó í an fostaí sin go príomha a thugann a chúram, tá an chóireáil sin contrártha leis an toirmeasc ar idirdhealú díreach a leagtar síos in Airteagal 2(2)(a) (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman*, C-303/06, EU:C:2008:415, mír 56).

49 Cé go n-áirítear sa Treoir sin forálacha atá ceaptha freastal go sonrach ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, ní bhaintear de thátal as sin gur cheart prionsabal na córa comhionainne a chumhdaítear sa Treoir sin a léiriú go docht, is é sin, mar thoirmeasc ar idirdhealú díreach ar fhorais mhíchumais amháin agus a bhaineann go heisiach le daoine faoi mhíchumas. Thairis sin, tagraítear in aithris 6 den Treoir sin, a bhaineann le Cairt an Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe, do chomhrac ginearálta gach cineáil idirdhealaithe agus don ghá atá le gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh ar mhaithe le lánpháirtiú sóisialta agus eacnamaíoch daoine atá faoi mhíchumas (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman*, C-303/06, EU:C:2008:415, mír 43).

50 Ina theannta sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go mbainfí an bonn de na cuspóirí a shaothraítear le Treoir 2000/78, eadhon creat ginearálta a leagan síos, maidir le fostaíocht agus slí bheatha, chun idirdhealú a chomhrac ar cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1 – lena n-áirítear, go háirithe, míchumas – agus an cuspóir a leagtar amach in aithris 37 maidir le cothrom iomaíochta a chruthú maidir le comhionannas fostaíochta agus slí bheatha, agus éifeachtacht na Treorach sin, dá mbeadh an toirmeasc ar idirdhealú díreach a leagtar síos in Airteagal 2(2)(a) den Treoir sin teoranta do dhaoine faoi mhíchumas amháin agus nach raibh feidhm aige maidir le cás ina bhfuil fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas ann féin, mar sin féin, faoi réir idirdhealú díreach mar gheall ar mhíchumas a linbh (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman*, C-303/06, EU:C:2008:415, míreanna 47 agus 48).

51 Le léiriú ar Threoir 2000/78 lena dteorannaítear a cur i bhfeidhm do dhaoine faoi mhíchumas amháin, d'fhéadfaí gné thábhachtach dá héifeachtacht a bhaint den Treoir sin agus an chosaint a bheartaítear di a ráthú a laghdú (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman*, C-303/06, EU:C:2008:415, míreanna 50 agus 51).

52 Ar an dara dul síos, maidir leis an gceist an bhfuil toirmeasc freisin le Treoir 2000/78 ar chás idirdhealaithe indírigh ‘trí bhainteacht’ ar fhorais mhíchumais, ar an gcéad dul síos, ní mór a shonrú, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Threoir 2000/78, go dtuigtear prionsabal na córa comhionainne mar ‘idirdhealú ar bith’ díreach nó indíreach ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 1 den Treoir sin.

53 Ina theannta sin, ní mór a mheabhrú gurb é cuspóir na Treorach sin, maidir le fostaíocht agus slí bheatha, gach cineál idirdhealaithe ar fhorais mhíchumais a chomhrac. Ní bhaineann prionsabal na córa comhionainne a leagtar síos sa Treoir sin sa réimse sin le catagóir áirithe daoine ach trí thagairt a dhéanamh do na forais dá dtagraítear in Airteagal 1. Tacaítear leis an léiriú sin le foclaíocht Airteagal 13 CE, arb é bunús dlí Threoir 2000/78 é agus lena dtugadh, amhail le foclaíocht Airteagal 19 CFAE a tháinig ina hionad, an inniúlacht don Aontas gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun idirdhealú atá bunaithe, go háirithe ar mhíchumas, a chomhrac (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman*, C-303/06, EU:C:2008:415, mír 38). Ar an gcaoi chéanna, luaitear i bhfoclaíocht aithris 12 den Treoir sin gur cheart ‘aon idirdhealú díreach nó indíreach’ [Aistriúchán neamhoifigiúil] atá bunaithe ar mhíchumas a thoirmeasc ar fud an Aontais Eorpaigh.

54 Ina theannta sin, tagann an cheist maidir le haitheantas a thabhairt d’idirdhealú ‘trí bhainteacht’ ar fhorais mhíchumais chun cinn ar an mbealach céanna, bíodh an t-idirdhealú sin díreach nó indíreach. Go háirithe, ós rud é, sa chóras a leagtar síos i dTreoir 2000/78, go n-áirítear le coincheap an idirdhealaithe indírigh go bhféadfaí údar a thabhairt leis, murab ionann agus coincheap an idirdhealaithe dhírigh, níl aon éifeacht aige sin ar ghníomh a thréithriú mar idirdhealú ‘trí bhainteach’ de réir bhrí na Treorach sin.

55 Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo go n-áitítear le foclaíocht Airteagal 2(1) de Threoir 2000/78 agus le bunchuspóir na Treorach sin i bhfabhar toirmeasc ní hamháin ar idirdhealú díreach ‘trí bhainteacht’, ach freisin ar idirdhealú indíreach ‘de réir comhlachais’.

56 Ar an dara dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara, agus tagairt á déanamh do bhreithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman*, (C-303/06, EU:C:2008:415), gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais roimhe seo, maidir le raon feidhme Threoir 2000/43, a bhfuil Airteagail 1 agus 2 di dréachtaithe ar bhealach comhchosúil le hAirteagail 1 agus 2 de Threoir 2000/78, nach féidir an raon feidhme a shainiú go sriantach agus nach bhfuil feidhm ag prionsabal na córa comhionainne dá dtagraítear sa Treoir sin maidir le catagóir áirithe daoine ach faoi threoir na bhforas a luaitear in Airteagal 1 di, ionas go mbeidh an prionsabal sin ceaptha dul chun tairbhe freisin do dhaoine atá, cé nach ball den chine nó den ghrúpa eitneach lena mbaineann iad féin, faoi réir cóir is lú fabhar nó míbhuntáiste ar leith ar cheann de na forais sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Iúil 2015, *CHEZ Razpredelenie Bulgaria*, C-83/14, EU:C:2015:480, mír 56). Dá réir sin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 36 dá Thuairim, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go sainráite go bhfuil toirmeasc ar idirdhealú indíreach ‘trí bhainteacht’ le Treoir 2000/43.

57 Ar an tríú dul síos, chun críocha léiriú a dhéanamh ar an toirmeasc ar idirdhealú atá i gcomhréir leis an gCairt, ní mór a thabhairt faoi deara, mar is léir ó fhoclaíocht Airteagal 21(1) den Chairt, go dtoirmisctear le prionsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos leis ‘aon idirdhealú’ atá bunaithe, *inter alia*, ar mhíchumas, lena n-áirithítear, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm leathan na ráthaíochta bunúsaí sin.

58 Ní mór an toirmeasc ar idirdhealú a leagtar síos in Airteagal 2(2)(b) de Threoir 2000/78 a léiriú freisin i bhfianaise Airteagail 24 agus 26 den Chairt. Foráiltear le hAirteagal 24, a bhaineann le cearta an linbh, i mír 1 de, go mbeidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail agus, i mír 2, i ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh sé á dhéanamh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha, nach mór tús áite a thabhairt do leas an linbh. Maidir le hAirteagal 26 den Chairt, foráiltear leis go n-aithneoidh agus go n-urramóidh an tAontas an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun leas a bhaint as bearta atá ceaptha chun a neamhspleáchas, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *Ca Na Negreta*, C-631/22, EU:C:2024:53, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Ina theannta sin, tá in Airteagal 21(1) den Chairt, ar a laghad, na ráthaíochtaí céanna dá bhforáiltear in Airteagal 14 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950, agus tá sé infheidhme i gcomhar leis na cearta agus na saoirsí a ráthaítear leis an gcoinbhinsiún sin, nach mór a chur san áireamh mar íostairseach chosanta de bhua Airteagal 52(3) den Chairt (féach, de réir analaí, breithiúnas an 3 Aibreán 2025, *Alchaster II*, C-743/24, EU:C:2025:230, mír 24).

60 Chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine cheana féin gurb ionann an chóir idirdhealaitheach a fhulaingíonn duine mar gheall ar mhíchumas a linbh, a bhfuil dlúthcheangal pearsanta aige leis agus lena dtugann sé nó sí cúram, agus cineál idirdhealaithe bunaithe ar mhíchumas a thagann faoi raon feidhme Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (féach, chuige sin, ECtHR, 22 Márta 2016, *Guberina* v *an Chróit*, CE:ECHR:2016:0322JUD002368213, § 79), gan idirdhealú a dhéanamh idir idirdhealú díreach nó indíreach.

61 Ar an gceathrú dul síos, maidir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe lena bhféadfaí léiriú Threoir 2000/78 a threorú, ba cheart a mheabhrú go bhforáiltear leis an tríú mír d'Airteagal 2 den Choinbhinsiún sin go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'idirdhealú ar bhonn míchumais' 'aon' idirdhealú, eisiamh nó srian ar bhonn míchumais a bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht aige dochar a dhéanamh d'aitheantas, do theachtadh nó d'fheidhmiú, ar bhonn comhionann le daoine eile, chearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha i réimse polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, sibhialta nó in aon réimse eile agus áirítear leis an gcoincheap sin 'gach cineál idirdhealaithe', lena n-áirítear cóiríocht réasúnta a dhiúltú.

62 Sonraítear in Airteagal 5(2) den Choinbhinsiún sin go gcuirfidh na Stáit is Páirtithe toirmeasc 'ar gach idirdhealú' ar bhonn míchumais agus go ráthóidh siad cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach do dhaoine atá faoi mhíchumas i gcoinne 'idirdhealú ar gach foras'.

63 Maidir le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún sin, sonraíonn sé, i mír 1, go ndéanfaidh na Stáit is Páirtithe gach beart is gá chun a áirithiú go mbeidh cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha á dteachtadh go hiomlán ag leanaí faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le leanaí eile agus, i mír 2, go dtabharfar tús áite do leas an linbh i ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí atá faoi mhíchumas.

64 Ina theannta sin, mar a luann an tAbhcóide Ginearálta i míreanna 38 agus 39 dá Thuairim, tá an Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas a bunaíodh in Airteagal 34 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe den tuairim, go háirithe, i gcomhthéacs na n-inniúlachtaí a thugtar dó leis an bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, an 13 Nollaig 2006, go bhféachann an oibleagáid toirmeasc a chur ar gach idirdhealú ar bhonn míchumais, a leagtar síos in Airteagal 5(2)

de, le daoine faoi mhíchumas agus a gcomhpháirtithe a chosaint, mar shampla tuismitheoirí leanaí atá faoi mhíchumas, agus go dtagraíonn sé go sainráite d'idirdhealú 'trí bhainteacht' gan é a theorannú d'idirdhealú díreach.

65 Leanann sé ón méid sin roimhe seo, dá bhrí sin, go gcumhdaítear le prionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos in Airteagal 21(1) den Chairt agus ar tugadh foirm nithiúil dó le Treoir 2000/78 freisin idirdhealú indíreach 'trí bhainteacht' ar fhorais mhíchumais.

66 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Treoir 2000/78 agus, go háirithe, Airteagal 1 agus Airteagal 2(1) agus (2)(b) di, arna léamh i bhfianaise Airteagail 21, 24 agus 26 den Chairt agus Airteagail 2, 5 agus 7 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar idirdhealú indíreach ar fhorais mhíchumais maidir le fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas ach atá faoi réir idirdhealú den sórt sin mar gheall ar an gcúnamh a thugann an duine sin dá leanbh atá faoi mhíchumas, rud a chuireann ar chumas an linbh sin an cúram is gá a fháil de bhua a riochta sláinte.

An dara ceist

67 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, i gcás ina dtugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an gá Treoir 2000/78 agus, go háirithe, Airteagal 5 di, arna léamh i bhfianaise Airteagail 24 agus 26 den Chairt agus Airteagail 2 agus 7 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar fhostóir, chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne d'oibrithe agus an toirmeasc ar idirdhealú indíreach dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b) den Treoir sin, cóiríocht réasúnta a dhéanamh, de réir bhrí Airteagal 5 den Treoir sin, i leith fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas iad féin ach a thugann cúnamh, dá leanbh atá faoi mhíchumas, lena gcuirtear ar chumas an linbh sin an cúram is gá de bhua a riochta sláinte a fháil.

68 Faoi Airteagal 5 de Threoir 2000/78, chun a ráthú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne maidir le daoine faoi mhíchumas, tá cóiríocht réasúnta le cur ar fáil, rud a chiallaíonn go bhfuil fostóirí le bearta iomchuí a dhéanamh, i gcás inar gá i gcás ar leith, chun a chur ar chumas duine faoi mhíchumas rochtain a bheith aige nó aici ar fhostaíocht, páirt a ghlacadh inti nó dul chun cinn a dhéanamh san fhostaíocht nó dul faoi oiliúint, mura rud é go gcuirfeadh na bearta sin ualach díréireach ar an bhfostóir. Ní bheidh an t-ualach sin díréireach nuair a bheidh sé réitithe go leordhóthanach trí bhearta atá ann cheana faoi chuimsiú bheartas míchumais an Bhallstáit lena mbaineann.

69 Maidir leis an gceist an bhfuil feidhm ag Airteagal 5 maidir le fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas, ach a sholáthraíonn, dá leanbh faoi mhíchumas, an cúnamh lena gcuirtear ar chumas an linbh sin an cúram atá riachtanach de bhua a riochta sláinte a fháil, is fíor gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i míreanna 39 agus 42 de bhreithiúnas an 17 Iúil 2008, *Coleman* (C-303/06, EU:C:2008:415), go bhfuil roinnt forálacha i dTreoir 2000/78 nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear, *inter alia*, Airteagal 5.

70 Mar sin féin, sa chás is cúis leis an mbreithiúnas sin, níor bhain an iarraidh ar réamhrialú le raon feidhme an Airteagail sin ná, mar atá sa chás seo, chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne d'oibrithe agus an toirmeasc ar idirdhealú indíreach dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b) de Threoir 2000/78, ní mór cóiríocht réasúnta, de réir bhrí Airteagal 5 de, a chur i bhfeidhm i leith fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas, ach a thugann aire dá leanbh atá faoi

mhíchumas. Thairis sin, ar an dáta a tugadh an breithiúnas, ní raibh an Chairt ná Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, ar ina bhfianaise nach mór Treoir 2000/78 a léiriú, i bhfeidhm ná formheasta ag an gComhphobal faoi seach.

71 Dá bhrí sin, d'fhonn Airteagal 5 de Threoir 2000/78 a léiriú i gcomhréir leis an gCairt, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, mar a luaitear i mír 58 den bhreithiúnas seo, go bhforáiltear le hAirteagail 24 agus 26 den Chairt, *inter alia*, go bhfuil an ceart chun cosanta agus cúraim is gá ag leanaí ar mhaithe lena ndea-bhail agus go n-aithníonn agus go n-urramaíonn an tAontas an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as bearta atá ceaptha chun a neamhspleáchas, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú.

72 A mhéid a bhaineann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, foráiltear go sainráite sa tríú mír d'Airteagal 2 go n-áirítear le coincheap an idirdhealaithe ar bhonn míchumais gach cineál idirdhealaithe 'lena n-áirítear cóiríocht réasúnta a dhiúltú'. I gcomhréir leis an gceathrú mír den Airteagal sin, ciallaíonn 'cóiríocht réasúnach' 'modhnú agus coigeartuithe is gá agus is iomchuí nach bhforchuireann ualach díréireach ná míchuí, i gcás inar gá i gcás ar leith, chun a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas go bhfuil siad ag tairbhiú do chearta uile an duine agus do na saoirsí bunúsacha uile nó go bhfuil na cearta sin agus na saoirsí sin á bhfeidhmiú ar bhonn comhionann le daoine eile'. Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 53 dá Thuairim, níl cóiríocht réasúnta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, teoranta do riachtanais daoine atá faoi mhíchumas san ionad oibre. Dá réir sin, ní mór an chóiríocht sin a chur ar fáil freisin, i gcás inar gá, d'oibrí a chuireann an cúnamh ar fáil a chuireann ar chumas an duine sin atá faoi mhíchumas an cúram is gá a fháil de bhua a riochta sláinte.

73 Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 7(1) den Choinbhinsiún sin go ndéanfaidh na Stáit is Páirtithe na bearta uile is gá chun a áirithiú go mbeidh leanaí atá faoi mhíchumas in ann cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha a 'thairbhiú' go hiomlán ar bhonn atá comhionann le leanaí eile. I ndáil leis sin, tagraítear go sainráite i bpointe (x) de bhrollach an Choinbhinsiúin sin don ghá atá le cúnamh a thabhairt do theaghlaigh daoine atá faoi mhíchumas chun a chur ar chumas na dteaghlach iad féin rannchuidiú le tairbhiú iomlán agus comhionann chearta daoine atá faoi mhíchumas. Dá bhrí sin, ní mór don fhostaí a bheith in ann an cúnamh a theastaíonn ón leanbh sin a sholáthar dá leanbh atá faoi mhíchumas, rud a thugann le tuiscint go bhfuil oibleagáid ar an bhfostóir dálaí oibre an fhostaí sin a oiriúnú.

74 Thairis sin, in éagmais oibleagáid den sórt sin, bhainfí gné thábhachtach d'éifeachtacht an toirmisc ar idirdhealú indíreach 'trí bhainteacht' i gcoinne fostaí a thugann, dá leanbh atá faoi mhíchumas, an cúnamh lena gcuirtear ar chumas an linbh sin an cúram is gá de bhua a riochta sláinte, a leagtar amach i mír 66 den bhreithiúnas seo, a fháil.

75 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go gceanglaítear ar fhostóir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil, de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2000/78, arna léamh i bhfianaise Airteagail 24 agus 26 den Chairt agus Airteagal 2 agus Airteagal 7(1) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, a mhéid a bhaineann le fostaí den sórt sin.

76 Maidir leis na cineálacha cóiríochta réasúnta a cheanglaítear ar fhostóir cúramóra den sórt sin a dhéanamh, chinn an Chúirt Bhreithiúnais roimhe seo go bhforordaítear le hAirteagal 5 de Threoir 2000/78, arna léamh i bhfianaise, go háirithe, Airteagal 2 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, sainmhíniú leathan ar an gcoincheap 'cóiríocht réasúnta' agus go bhféadfadh an laghdú ar am oibre a bheith ar cheann de na bearta cóiríochta dá dtagraítear in Airteagal 5. In imthosca áirithe,

féadfaidh aistriú chuig post eile a bheith ina bheart den sórt sin freisin (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Aibreán 2013, *HK Danmark*, C-335/11 agus C-337/11, EU:C:2013:222, mír 64, agus an 10 Feabhra 2022, *HR Rail*, C-485/20, EU:C:2022:85, mír 43).

77 Dá réir sin, mar a deir an tAbhcóide Ginearálta i mír 56 dá Thuairim, ní mór do na bearta cóiríochta réasúnta sin a bheith in ann an t-ionad oibre a oiriúnú don duine atá faoi mhíchumas ionas go mbeidh sé nó sí in ann páirt iomlán agus éifeachtach a ghlacadh sa saol gairmiúil ar bhonn atá comhionann le hoibrithe eile. I gcás nach bhfuil an fostaí féin faoi mhíchumas ach go bhfuil sé nó sí buartha do leanbh atá faoi mhíchumas, ní mór a chumasú leis na bearta sin freisin a ionad oibre a oiriúnú chun na críche céanna.

78 Mar sin féin, le hAirteagal 5 de Threoir 2000/78, ní chuirtear d'oibleagáid ar fhostóir bearta a dhéanamh lena gcuirfí ualach díréireach air. I ndáil leis sin, is léir ó aithris 21 den Treoir sin, chun a chinneadh an gcuireann na bearta sin ualach díréireach ar an bhfostóir, gur cheart aird a thabhairt, go háirithe, ar na costais airgeadais atá i gceist, ar scála agus acmhainní airgeadais na heagraíochta nó an ghnóthais agus ar an bhféidearthacht cistiú poiblí nó aon chúnamh eile a fháil. Ina theannta sin, níl an fhéidearthacht duine atá faoi mhíchumas a shannadh do phost eile ar fáil ach amháin i gcás ina bhfuil folúntas amháin ar a laghad ann a d'fhéadfadh an t-oibrí atá i gceist a líonadh (breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *Ca Na Negreta*, C-631/22, EU:C:2024:53, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

79 I ndáil leis sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, agus ag féachaint d'imthosca ábhartha uile an cháis atá i gceist sna príomhimeachtaí, an raibh sé ina ualach díréireach ar a fostóir, de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2000/78, iarraidh G.L. go sannfaí, ar bhonn buan, uaireanta oibre seasta i bpost ar leith.

80 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Treoir 2000/78 agus, go háirithe, Airteagal 5 di, arna léamh i bhfianaise Airteagail 24 agus 26 den Chairt agus Airteagal 2 agus Airteagal 7(1) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe, a léiriú sa chaoi go gceanglaítear ar fhostóir, chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne d'oibrithe agus an toirmeasc ar idirdhealú indíreach dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b) den Treoir sin, cóiríocht réasúnta a dhéanamh, de réir bhrí Airteagal 5 den Treoir sin, i leith fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas iad féin ach a thugann cúnamh, dá leanbh atá faoi mhíchumas, lena gcuirtear ar chumas an linbh sin an cúram atá riachtanach de bhua a riochta sláinte a fháil, ar choinníoll nach gcuireann an chóiríocht sin ualach míréasúnta ar an bhfostóir sin.

An tríú ceist

81 Lena tríú ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais, go bunúsach, i gcás ina dtugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist nó ar an dara ceist, conas ba cheart léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap 'cúramóir' chun Treoir 2000/78 a chur i bhfeidhm.

82 Ní mór a mheabhrú go gciallaíonn an gá atá le léiriú a thabhairt ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach don chúirt náisiúnta go bhfuil sé de cheangal ar an gcúirt náisiúnta na ceanglais a bhaineann le hábhar iarrata ar réamhrialú, a leagtar amach go sainráite in Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, a bhfuil an chúirt a rinne an tarchuir ceaptha a bheith ar an eolas ina leith, i gcomhthéacs an chomhair arna thionscnamh le hAirteagal 267 CFAE, a chomhlíonadh go mion (ordú an 3 Iúil 2014, *Talasca*, C-19/14, EU:C:2014:2049, mír 21, agus breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Toplofikatsia Sofia agus páirtithe eile*, C-208/20 agus C-256/20, EU:C:2021:719, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear). Leagtar amach na ceanglais sin

freisin i míreanna 13, 15 agus 16 de na moltaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chuig cúirteanna náisiúnta maidir le Nósanna imeachta um réamhrialú (IO 2019 C 380, lch. 1), atá anois i míreanna 13, 15 agus 16 de na moltaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh do chúirteanna náisiúnta maidir le nósanna imeachta um réamhrialú (IO C, C/2024/6008).

83 Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach, mar a luaitear in Airteagal 94(c) de na Rialacha Nós Imeachta, go leagfaí amach san iarraidh ar réamhrialú na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais Eorpaigh, agus an nasc a chruthaítear léi idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí. Tá sé fíor-riachtanach freisin, mar a fhoráiltear in Airteagal 94(a) de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil, ar a laghad, cuntas san ordú tarchuir féin ar na fíorais ar a bhfuil na ceisteanna bunaithe (breithiúnas an 13 Nollaig 2018, *Rittinger agus páirtithe eile*, C-492/17, EU:C:2018:1019, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

84 Sa chás seo, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap ‘cúramóir’, coincheap nach bhforáiltear dó le Treoir 2000/78 ach, mar a mhínigh an chúirt a rinne an tarchur ina hiarraidh, gur léir go dtagann sé faoin dlí náisiúnta.

85 Thairis sin, ní thugtar aon mhíniú san ordú tarchuir ar an nasc a bhunaíonn sí idir na soiléirithe atá á lorg aici ón gCúirt Bhreithiúnais ina tríú ceist maidir leis an gcoincheap ‘cúramóir’ agus an díospóid sna príomhimeachtaí.

86 Dá bhrí sin, tá an tríú ceist do-ghlactha.

Costais

87 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha agus, go háirithe, Airteagal 1 agus Airteagal 2(1) agus (2)(b), arna léamh i bhfianaise Airteagail 21, 24 agus 26 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 2, 5 agus 7 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 13 Nollaig 2006 agus a formheasadh thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar idirdhealú indíreach ar fhorais mhíchumais maidir le fostaí nach bhfuil faoi mhíchumas ach atá faoi réir idirdhealú den sórt sin mar gheall ar an gcúnamh a thugann an duine sin dá leanbh atá faoi mhíchumas, rud a chuireann ar chumas an linbh sin an cúram atá riachtanach de bhua a riochta sláinte a fháil.

2. Maidir le Treoir 2000/78 agus, go háirithe, Airteagal 5 di, arna léamh i bhfianaise Airteagail 24 agus 26 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 2 agus 7(1) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go gceanglaítear ar fhostóir, chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na córa comhionainne d'oibrithe agus an toirmeasc ar idirdhealú indíreach dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b) den Treoir sin, cóiríocht réasúnta a chur ar fáil, de réir bhrí Airteagal 5 den Treoir sin, d'fhostaí nach bhfuil faoi mhíchumas ach a thugann cúnamh, dá leanbh atá faoi mhíchumas, lena gcuirtear ar chumas an linbh sin an cúram atá riachtanach de bhua a riochta sláinte a fháil, ar choinníoll nach gcuireann an chóiríocht sin ualach míréasúnta ar an bhfostóir sin.

[Sínithe]